Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11880/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0204 (NLE)**

**ECOFIN 1008**
**UEM 358**
**FIN 1067**
***ECB***
***EIB***

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 375 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 375 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 375 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.7.2026
COM(2026) 375 final

2026/0204 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann**

2026/0204 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis d'Éirinn an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta ('an plean') a chur isteach an 28 Bealtaine 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 8 Meán Fómhair 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme[2] ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021'). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 14 Iúil 2023[3], an 8 Nollaig 2023[4], an 21 Meitheamh 2024[5], an 11 Márta 2025[6], an 8 Iúil 2025[7] agus an 20 Eanáir 2026[8].

(2) An 29 Bealtaine 2026 rinne Éire iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean leasaithe curtha isteach ag Éirinn.

***Leasuithe bunaithe Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean a chuir Éire isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 13 bheart.

---

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.
[2] ST 11046/21 INIT; ST 11046/21 ADD 1.
[3] ST 11336/23 INIT.
[4] ST 15965/23 INIT; ST 15965/23 ADD 1.
[5] ST 10262/24 INIT; ST 10262/24 ADD 1; ST 10262/24 ADD 1 COR 1.
[6] ST 6318/25 INIT; ST 6318/25 ADD 1.
[7] ST 10528/25 INIT; ST 10528/25 ADD 1.
[8] ST 17019/25; ST 17019/25 ADD 1.

(4) Mhínigh Éire go bhfuil 13 bheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach san am céanna. Baineann an méid sin le bearta C1-I3 (Tionscadal Treo-Aimsitheora Iarfheistithe na hEarnála Poiblí), C1-I4 (An leictriú amach anseo a éascú trí infheistíocht spriocdhírithe in iarnród comaitéireachta Chorcaí), C1-I5 (Clár Náisiúnta Mórdhúshlán), C1-I6 (Athshlánú Feabhsaithe ar Thailte Portaigh), C1-I7 (Plean bainistithe abhantraí – Clár uaillmhéine feabhsaithe), C2-I2 (Aistriú Digiteach Fhiontair na hÉireann), C2-I4 ( Rogha freagartha ar líne don daonáireamh), C3-R5 (Sciúradh Airgid a Chomhrac), C5-I1 (Tionscal Bithmheatáin a Mhéadú in Éirinn), C5-I2 (Bonneagar Luchtaithe Dhroichead Átha), C5-I3 (Treo-Aimsitheoir Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le Fuinneamh agus Dícharbónú), C5-I4 (An Clár Leathnaithe um Threo-Aimsitheoir Dícharbónaithe agus Iarfheistithe in Earnáil na Scoileanna), C5-I5 (Iarfheistiú ar fhoirgnimh phoiblí). Ar an mbonn sin, d'iarr Éire go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir.

*Ceartúcháin ar earráidí cléireachais*

(5) Sainaithníodh earráid chléireachais amháin i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, lena ndéantar difear do chloch mhíle amháin faoi chomhchuid amháin. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú chun an earráid chléireachais sin a cheartú, earráid nach dtagann le hábhar an phlean a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 28 Bealtaine 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus Éire. Baineann an earráid chléireachais sin le cloch mhíle 4 de 1.2.1 Dlús a chur le Dícharbónú na hEarnála Fiontraíochta – An Ciste um Laghdú Carbóin, faoi chomhchuid 1 (An t-aistriú glas a chur chun cinn). Ní dhéanann an ceartúchán sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

*Measúnú an Choimisiúin*

(6) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean leasaithe de réir na gcritéar measúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

(7) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir Éire chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean de réir na gcritéar measúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241 pointí (a), (b), (c), (d), (da), (db), (e), (f), (g), (h), (i), (j) agus (k).

*Measúnú dearfach*

(8) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean leasaithe ina raibh an chonclúid go comhlíonann an plean go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, na spriocanna agus na táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme an phlean leasaithe.

*Rannchuidiú airgeadais*

(9) Is é EUR 1 153 797 007 costas iomlán measta phlean leasaithe na hÉireann. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean leasaithe comhionann leis an

ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil d'Éirinn, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9], agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean leasaithe na hÉireann a bheith comhionann le EUR 1 153 797 007. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a cuireadh ar fáil d'Éirinn.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a ionadú go hiomlán.

(11) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an gCinneadh seo an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean leasaithe na hÉireann ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*
*Leasuithe*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann mar a leanas:

cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 3*
*Seolaí*

Is chuig Éirinn a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[9] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit, (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).